


## Ag Súgradh sa Sneachta



Thosaigh an sneachta **ag titim** aréir. Bhí brat bán ar an tír ar fad inniu. Bhí áthas ar na páistí agus iad ag dul ar scoil. Ag **am lóin** bhí siad ag súgradh sa sneachta. Rinne Íde agus a cara fear sneachta. Chuir siad hata ar a cheann agus píopa ina bhéal. Bhí Tomás ag caitheamh **liathróidí sneachta**. Bhuail sé Liam san aghaidh. Bhí Liam ar buile. **B'fhearr le Nóra** bheith istigh sa teach. **Ní dheachaigh** Spota amach sa sneachta ach oiread.

### Foclóir:

brat, carpet  
ar buile, angry  
ach oiread, either

### A. Líon isteach na bearnaí:

sne—chta, in—iu, ag súg—adh, ag cai—heamh, liath—óidí, ní dhea—haigh.

### B. Líon isteach na bearnaí:

1. Thosaigh — — ag titim aréir.
2. Bhí áthas ar na — agus iad ag dul ar —.
3. Ag am — bhí siad ag súgradh — sneachta.
4. Chuir siad hata ar — — agus píopa — —.
5. B'fhearr le Nóra bheith — sa teach.

### C. Déan abairtí díobh seo:

1. fear sneachta, Íde agus a chara, rinne.
2. san aghaidh, Liam, bhuail sé.
3. Liam, ar buile, bhí.
4. Tomás, liathróidí sneachta, ag caitheamh, bhí.

### D. Freagair na ceisteanna:

1. Cathain a thosaigh an sneachta ag titim?
2. Cad a bhí ar an tír ar fad?
3. Céard a rinne Íde agus a cara?
4. Cé a bhuail Liam san aghaidh?
5. Cén fáth a raibh áthas ar na páistí?
6. Cén fáth a raibh Liam ar buile?
7. An ndeachaigh Spota amach sa sneachta?

### Gramadach 17

#### (i) Críochnaigh na habairtí seo a leanas:

**Sampla:** Ag am tae bhí mé ag an mbord.

1. — — — bhí mé ag an mbord.
2. — — — bhí mé ag an mbord.
3. — — — bhí mé ag an mbord.
4. — — — bhí mé ag an mbord.

#### (ii) Críochnaigh na habairtí seo a leanas:

1. B'fhearr le Nóra bheith — — —.
2. B'fhearr liom .....
3. B'fhearr linn .....
4. B'fhearr leis .....

#### (iii) Foghlaim: Ní dheachaigh mé

Ní dheachamar
Ní dheachaigh tú
Ní dheachaigh sé
Ní dheachaigh sí

### Líon isteach na bearnaí:

**Sampla:** Tháinig sí isteach agus **ní dheachaigh sí** amach.

1. Rith mé abhaile agus ní — — amach arís mar bhí mé fuar.
2. Tháingamar isteach sa teach agus ní — amach arís.
3. Bhí Seán breoite inné agus ní — — ar scoil.